

An Feirmeoir Gaelach 2




Bia Folláin 4




Ba 6



Caoirigh 8




Muca 10




Éanlaith Chlóis 12




Arbhar agus Féar 14



Torthaí agus Glasraí 16



Bileoga Oibre 18



# An Feirmeoir Gaelach

**Naisc leis an gcuraclam:**

- **Eolaíocht** Dúile beo; Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:

Féachaint siar ar ábhar na ranna eile. Léargas a thabhairt ar an bhfeirmeoireacht mar ghnó agus obair an fheirmeora maidir leis an ngnó sin.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul trí fhoclóir agus choincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

## Foclóir agus Coincheapa na Ranna eile:

**feirmeoir** **bia** **monarchana** **pacáiste** **séasúir**

Is áit í feirm ina bhfuil cónaí ar ainmhithe mar bha, chaoirigh, mhuca agus shicíní. Fásann plandaí mar thorthaí, ghlasraí agus arbhar ann. Fásann beagnach gach saghas bia ar an bhfeirm agus ceannaímid sna siopaí é. Go minic seoltar an bia go dtí monarchana ar dtús. Déantar bia difriúil as agus cuirtear i bpacáiste é. Mar shampla déantar arán as gráinní. Tá obair le déanamh ar an bhfeirm gach uile lá den bhliain ach athraíonn an obair leis na séasúir mar shampla cuirtear na ba i mbotháin don gheimhreadh.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne a leanas.

## Foclóir don cheacht seo:

**gnó** **cuntas** **An Roinn Talmhaíochta agus Bia** **rialtas** **clibeanna** **easpórtáil** **imshaol** **turasóirí**

## Gnó na Feirmeoireachta



Fostaítear go leor daoine san fheirmeoireacht agus is **gnó** tábhachtach in Éirinn í. Is cuid den ghnó ná bheith ag ceannach agus ag díol ainmhithe nó barr agus **cuntas** a choinneáil den airgead a chaitear. Freisin, caitheann an feirmeoir liosta a choinneáil de na hainmhithe feirme agus na cógais a fhaigheann siad.

Bíonn feirmeoirí i dteagmháil go rialta le heagraíochtaí éagsúla – bainc, cuntasóirí, comhlachtaí árachais, comhlachtaí comhoibritheacha (fearais próiseála bainne), monarchana feola agus go leor eile.

## An Roinn Talmhaíochta agus Bia

Is cuid den **rialtas** í an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Forbraíonn an Roinn cúrsaí talmhaíochta agus bia trí thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí agus don tionscal bia. Cinntíonn an Roinn go gcothaítear na hainmhithe go maith agus go bhfuil ár mbia sábháilte le hithe.

THE DEPARTMENT OF AGRICULTURE & FOOD
AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA


**Ná déan dearmad!** **Tabhair aire ar an bhfeirm! Iarr cead ón bhfeirmeoir!**

## Clibeanna




Is cineál pas í an chlib. Bíonn ar bha, chaoirigh agus mhuca iad a chaitheamh ina gcluasa. Tá uimhir faoi leith ag gach ainmhí agus cláraítear í nuair a bhogtar ó fheirm go feirm iad. Cinntíonn an clárú agus na clibeanna seo go bhfuil ár bhfeoil sábháilte le hithe agus go bhfuilimid in ann lorg na feola a chur siar go dtí an fheirm inar bhfás an t-ainmhí. Tá siad tábhachtach freisin ó thaobh cúrsaí easpórtála de. **Easpórtáiltear** bia agus deochanna ó Éirinn go dtí níos mó ná 170 tír.

## Cúram Imshaoil



Tá tábhacht ag obair an fheirmeora ó thaobh chúram imshaoil de freisin. Cloíonn siad le *Cód Dea-Chleachtais Feirmeoireachta* atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Is cuid de na cúraimí sa chód ná cosaint aibhneacha agus gnáthóga ainmhithe. Freisin caitear an fheirm agus clós na feirme a choinneáil glan, falta agus ballaí a chur suas agus ceimicigh a úsáid go cúramach. Tá ról tábhachtach ag feirmeoirí i gcaomhnú na tuaithe agus tagann go leor **turasóirí** go hÉirinn chun ár dtuath álainn a fheiceáil.

### Gníomhaíochtaí:

- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 18.
- Cuir gnó na feirmeoireachta i gcomparáid le gnó eile mar shiopa, maidir le sláinteachas, cuntais scríofa, uaireanta oibre, teagmháil le gnóthaí eile.
- Déan plé ar thábhacht na feirme- go bhfuil daoine ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil. Bíonn feirmeoirí ag brath ar chustaiméirí chun airgead a fháil freisin. Scríobh aiste/ déan tionscnamh leis an teideal "Tábhacht na Feirmeoireachta".
- Cuir clib an ainmhí i gcomparáid le pas an duine. Tá uimhir ag an mbeirt acu agus úsáidtear mar pháipéir aitheantais iad. Is féidir le páistí a bpasanna féin a chruthú.
- Déan taighde ar na comhlachtaí a bhfuil baint acu le talmhaíocht. Is féidir eolas a fháil ar www.agriaware.ie (Bunaitheoirí agus Baill Phátrúnachta).
- Déan taighde ar obair na Ranna Talmhaíochta agus Bia- www.agriculture.gov.ie.
- Más faoin tuath atá an scoil, déan iarracht teacht ar sheandéantúsáin na feirme agus déan plé ar na bealaí a d'athraigh an fheirm le himeacht na mblianta.
- Déan scrúdú ar ghrianghraif d'innealra feirme ón idirlíon agus déan plé ar an difríocht idir saol an lae atá inniu ann agus na seanlaethanta nuair a úsáidtear capaill.
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil.
- Déan plé ar shábháilteacht ar an bhfeirm. Leideanna agus eolas breise ar www.agriaware.ie.

## Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta ba chóir go dtuigfidh an páiste gur gnó tábhachtach í an fheirmeoireacht agus go bhfuil eolas aige/aice ar ghnéithe den ghnó sin.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware.



# Bia Folláin

**Naisc leis an gcuraclam:**
- **Eolaíocht** Dúile beo
  Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:
Eolas a chur ar thábhacht éagsúlacht bia, snáithín cothaithigh agus uisce san aiste bia.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí
Moltar dul trí fhoclóir agus coincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

### Foclóir agus Coincheapa na Ranna eile:
**fuinneamh** **folláin** **an phirimid bia** **carbaihiodráit** **próitéin** **vitimíní**

**mianraí** **cailciam** **iarann**

Roinntear bia i ngrúpaí difriúla. Is léir ón bpirimid bia an méid ba chóir dúinn a ithe ó gach grúpa. Is carbaihiodráit iad prátaí agus táirgí arbhar a fhaighimid fuinneamh uathu. Faighimid vitimíní agus mianraí a dhéanann maitheas don ghruaig agus do na súile ó thorthaí agus ó ghlasraí. Tá an mianra cailciam, a chabhraíonn le fás ár gcnámh agus ár bhfiacla, le fáil i dtáirgí déiríochta. Tá próitéin, atá riachtanach le haghaidh fáis, i bhfeoil agus uibheacha. Tá iarann, atá an-mhaith don fhuil le fáil i bhfeoil freisin. Ní chóir dúinn bia le go leor salainn nó siúcra nó bia a fhriochtar in ola a ithe ach go hannamh.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne a leanas.


## Foclóir don cheacht seo:
**aiste bia** **aclaíocht** **snáithín** **cothaitheach** **an córas díleáite** **lipéad**

## Ná déan dearmad! **Lámha glána, cistin ghlan, bia glán!**

## Tábhacht Bia don Chorp
Faighimid ár gcuid fuinnimh ó bhia. Tá sé tábhachtach go bhfuil éagsúlacht san **aiste bia** atá againn. Má thaitníonn bia éigin linn, seans go n-ithimid an iomarca de. Déantar damáiste don chorp nuair a ithimid an iomarca bia le siúcra nó saill ann.


Caithimid **aclaíocht** a dhéanamh go rialta freisin chun bheith folláin.

**An méid ba chóir dúinn a ithe:**




## An Phirimid Bia
Úsáidtear an phirimid bia chun aiste bia fholláin a phleanáil. Gach lá ba chóir dúinn a ithe:
- bia ón tseilf is ísle sé huaire ar a laghad;
- cúig phíosa de thorthaí agus glasraí ar a laghad;
- táirgí déiríochta folláine trí huaire;
- bia le próitéin dhá uair;
- ní chóir dúinn bia ón tseilf uachtarach a ithe ach go hannamh.


## Snáithín Cothaitheach



Coinníonn snáithín an **córas díleáite** folláin mar cabhraíonn sé lenár mbia dul tríd an gcorp gan aon stró. Tá sé le fáil in arbhar, torthaí agus glasraí. Má itear bia le go leor snáithín, ní dócha go n-itear sneaiceanna breise mar de ghnáth is bia toirtiúil é.

Ba chóir dúinn torthaí, glasraí, caiscín nó arbhar bricfeasta (ina bhfuil eorna, cruithneacht nó coirce) a ithe chun snáithín cothaitheach a fháil. Ina theannta sin is féidir linn léamh faoin méid snáithín atá in ár mbia ar an **lipéad** cothaithe.

## Deochanna




Tá uisce tábhachtach chun an córas díleáite a choinneáil folláin, chun teas an choirp a rialú (allas) agus chun cabhrú lenár gcuid fola cothaithigh a thabhairt timpeall an choirp. Caillimid uisce trí bheith ag cur allais agus ag dul go dtí an leithreas. Is féidir an t-uisce a chur ar ais trí shú, bhainne nó uisce a ól agus torthaí agus glasraí a ithe (bíonn uisce iontu). Tá duine in ann maireachtáil ar feadh míosa gan bhia ach ní mhairfidh sé ach seachtain gan uisce a ól.

Is tábhachtach a chinntiú nach bhfuil mórán siúcra inár ndeochanna. Is féidir linn léamh faoin méid siúcra atá iontu ar an lipéad cothaithe. Déantar an liosta de na comhábhair ag tosú leis an méid is mó agus ag críochnú leis an méid is lú.

### Gníomhaíochtaí:

- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 19.
- Déan pirimid bia sa rang. Is féidir obair a dhéanamh i ngrúpaí ar ghrúpa bia amháin agus pacáistí bia a thabhairt isteach chun an phirimid a dhéanamh.
- Déan plé ar an mbia éagsúil atá ite ag na daltaí i rith an lae agus na seilfeanna den phirimid a bhaineann leo. Déan plé ar an méid ba chóir dúinn a ithe. Is féidir biachlár a chruthú don lá iomlán a chloíonn le rialacha na pirimide.
- Déan plé ar thábhacht sláinteachais in ullmhúchán bia. Cuir béim ar ár lámha a ní roimh an lón.
- Déan póstaeir de na grúpaí seo a leanas: carbaihiodráit, próitéin agus vitimíní agus mianraí (cailciam, iarann). Déan liosta de na bia ina bhfuil siad ann agus cén fáth atá siad tábhachtach san aiste bia.
- Iarr ar na páistí lipéid chothaithe d'arbhar bricfeasta a léamh chun an ceann leis an méid siúcra is lú agus an méid snáithín is mó a aimsiú.
- Eolas breise ar bhia folláin ar www.bordbia.ie/consumers/about_food.
- Déan comparáid idir liosta comhábhar deochanna idir dheoch choipeach, shú mhilsithe agus shú nach bhfuil milsithe. Ná déan dearmad go ndéantar liosta na gcomhábhar ón méid is mó go dtí an méid is lú.
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil -An Feirmeoir Gaelach Lch 2.

## Toradh an cheachta

Ba chóir go dtuigfidh an páiste an phirimid bia agus tionchar bia dhifriúil ar ár gcoirp.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie

Déanta le comhairle ó
Bord Bia
Irish Food Board



# Ba

**Naisc leis an gcuraclam:**

- **Eolaíocht** Dúile beo
  Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:

Eolas a chur ar chothú bó, bhreith lao agus ar thábhacht bó i slabhraí bia.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul trí fhoclóir agus coincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

## Foclóir agus Coincheapa na Ranna eile:

**ba** **bó** **tarbh** **lao** **mairteoil** **bainne** **úth** **táirgí déiríochta**


Den chuid is mó den am cónaíonn ba i bpáirceanna ach cónaíonn siad i mbotháin sa Gheimhreadh. Baintear na hadharca den chuid is mó acu agus iad óg. Tá thart ar 200 pór bó ar domhan idir bha bainne agus bha mairteola. Úsáidtear bainne chun táirgí déiríochta mar uachtar, im, cáis agus iógart a dhéanamh. Itear mairteoil mar mhairteoil rósta, fheoil mhionaithe agus mhartbhorgaire. Faighimid leathar ó bha freisin. Ólann lao nuabheirthe bainne a mháthar ar feadh trí lá. Ansin crúitear an bhó dhá uair in aghaidh an lae agus tugtar bia don lao. Cuisnítear an bainne. Sa déirí cuirtear é á théamh agus ansin á fhuarú chun baictéir a mharú.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne a leanas.

## Foclóir don cheacht seo:

**breith lao** **bearach** **diúlfhiacail** **athchogaint** **an chíor a cogaint**

## Breith Lao



Tugtar **bearach** ar bhó nár rugadh lao di. De ghnáth beirtear an chéad lao den bhearach nuair a bhíonn sí dhá bhliain d'aois agus tugtar bó uirthi as sin amach. Bíonn ba ag iompar ar feadh deich mí agus de ghnáth beirtear lao amháin díobh in aghaidh na bliana. Nuair a bheirtear lao, líonn an bhó é chun aithne a chur air. Aithníonn bó a lao trí bholadh.

Bíonn an lao in ann siúl agus bainne a ól óna mháthair chomh luath agus a bheirtear é. Tá sé an tábhachtach go n-ólann an lao bainne na bó don chéad cúpla lá mar tá frithchoirpíní sa bhainne a thugann cosaint ó ghalar dó. Tugtar maothal ar an mbainne seo. Níl bolg an lao nuabheirthe réidh chun féar a ithe ach forbraíonn sé le fás an lao go dtí gur féidir leis féar agus féar tirim a ithe.

## Fiacla


Níl fiacla ag ba sa chuid uachtarach den bhéal. Bíonn ocht ndiúlfhiacal ag an lao nuair a bheirtear é. Mar an gcéanna linne, faigheann siad a gcuid fiacla buana nuair atá siad níos sine. Titeann na diúlfhiacla amach agus fásann na fiacla buana ina n-áiteanna. Tá feirmeoirí in ann aois na bó a fháil amach ón méid fiacla atá aige.

## Ag Ithe

Caitheann ba a dteangacha a úsáid chun féar a tharraingt toisc nach bhfuil fiacla sa dhrandal uachtarach acu. Cosúil le caoirigh agus le gabhair, bíonn boilg speisialta ag ba le ceithre phóca ann. Slogann siad an féar gan é a chogaint agus téann sé isteach sa chogansach, an póca is mó den bholg. Tugtar an féar ar ais don bhéal níos déanaí agus **athchognaíonn** siad é. Deirtear go bhfuil **an chíor á cogaint** acu. Itheann siad go leor bia agus ólann siad a lán uisce. Is féidir leo ocht n-uaire a chaitheamh ag ithe gach lá.

## Ba agus Slabhraí bia

Is cuid thábhachtach den slabhra bia iad ba. Faighimid feoil agus bainne, atá lán le cothaithigh thábhachtacha uathu. Tosaíonn gach slabhra bia leis an ngrian. Faigheann an féar fuinneamh ón ngrian chun fáis; faigheann an bó fuinneamh ón bhféar chun bainne a tháirgeadh agus faighimid fuinneamh ón mbainne chun fáis agus maireachtála.




## Gníomhaíochtaí:


- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 20.
- Déan comparáid idir breith lao agus breith mamaigh eile. Déan codarsnacht idir breith mamaigh agus breith éin [Éanlaith Chlóis Lch 12].
- Déan póstaeir a léiríonn próiseas ite na mbó le heolas ar fhiacla agus athchogaint orthu.
- Déan léaráidí de shlabhraí bia ina bhfuil ba nó ainmhithe feirme eile.
- Déan liosta de dheichniúr a bhfuil baint acu le mairteoil rósta nó cartán bainne a thabhairt chun boird. Smaoinigh ar phacáistí, chúrsaí sláinte agus chúrsaí iompair.
- Scríobh aiste ar an saol gan táirgí bó a bheith againn- bainne ar bith don bhricfeasta nó don chupán tae, im ar bith do cheapairí, mairteoil ar bith do bhorgaire nó stéig, cáis ar bith le haghaidh ceapairí, seacláid nó uachtar reoite ar bith, leathar ar bith do bhróga.
- Déan taighde ar bhéilí le mairteoil nó bainne mar phríomhábhar iontu. Más féidir ullmhaigh an béile sa scoil ag nascadh na gcomhábhar le bunábhair na feirme.
- Más féidir tabhair cuairt ar dhéirí chun taighde a dhéanamh ar tháirgí déiríochta.
- Déan taighde ar na tíortha a easpórtáiltear mairteoil chucu. Taispeáin ar léarscáil le snáithíní ag nascadh go hÉireann iad.
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil -An Feirmeoir Gaelach Lch 2.

## Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta ba chóir go mbeadh eolas ag an bpáiste ar chothú bó, bhreith lao agus ar thábhacht bó i slabhraí bia.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- “Agriculture – Cool or what?” DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware.



# Caoirigh

**Naisc leis an gcuraclam:**

- **Eolaíocht** Dúile beo; Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:

Féachaint siar ar ábhar na ranna eile. Eolas a chur ar phórtha caorach, ar chóras díleáite na caorach agus ar tháirgí caorach.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul trí fhoclóir agus coincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

## Foclóir agus Coincheapa na Ranna eile:


| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **caora** | **reithe** | **uan** | **méileach** | **olann** | **feoil** | **lomra** | **lomadh** |
| **madra caorach** | | **crúb** | **breith uan** | **an t-earrach** | | **fodar** | |

Faighimid olann, feoil agus bainne a úsáidtear chun cáis a dhéanamh ó chaoirigh. Bearrtar lomra na gcaorach uair amháin in aghaidh na bliana sa samhradh. Caitheann feirmeoirí na caoirigh a thumadh i ndip caorach agus a gcrúba a bhearradh chun iad a chosaint ó ghalar. Beirtear ar na huain san earrach agus ólann siad bainne a máithreacha ar feadh 14 seachtaine. Tugann an feirmeoir bia breise dóibh (fodar) nuair nach bhfuil mórán féir ag fás sa gheimhreadh.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne a leanas.

## Foclóir don cheacht seo:


**pórtha** **táirgí** **caoireoil** **uaineoil** **athchogaint** **an chíor a chogaint**





## Pórtha Caorach

Tá go leor pórtha caorach in Éirinn ach de ghnáth roinntear ina dhá leath iad – caoirigh shléibhe agus caoirigh achréide (talamh íseal). Bíonn na caoirigh achréide le feiceáil i lár na tíre agus bíonn na caoirigh shléibhe le feiceáil sna contaetha atá ar an gcósta agus i gCill Mhantáin. Níl adharca ag an gcuid is mó de na pórtha in Éirinn ach tá cuid acu le hadharca agus de ghnáth is sna cnoic a fheictear iad.


## Táirgí Caorach



Faighimid feoil, bainne, olann agus leathar ó chaoirigh. Tugtar **caoireoil** nó **uaineoil** ar fheoil caorach agus is iomaí béilí a dhéantar astu. Is í uaineoil an príomhábhar i stobhach gaelach. Is iomaí féastaí reiligiúnda idir Chríostaíochta, Mhoslamacha agus Ghiúdacha le béilí bunaithe ar fheoil caorach. Is béile traidisiúnta í uaineoil rósta ar Dhomhnach na Cásca i go leor tíortha, Éire san áireamh.





Ní minic a óltar bainne caorach mar tá blas láidir uaidh ach déantar cáiseanna as mar shampla *Feta agus Roquefort*. Faighimid olann ó chaoirigh agus déantar leathar bog as a gcuid seithí. Freisin is féidir cótaí, rugaí agus lámhainní a dhéanamh as craiceann caorach.



## An Chíor a Chogaint

Is ainmhithe athchogantacha iad caoirigh, ba agus gabhair. Tá boilg speisialta acu a ligeann dóibh féar a ithe- rud nach bhfuilimidne in ann a dhéanamh. Tá ceithre phóca sa bholg. Slogann an t-ainmhí go tapa gan mórán cogaint a dhéanamh ar an mbia agus téann an bia isteach sa chogansach, an póca is mó den bholg. Tugtar an féar ar ais don bhéal níos déanaí agus **athchognaíonn** siad é. Deirtear go bhfuil **an chíor á cogaint** acu.



## Olann

Lomtar lomra na gcaorach ar dtús. Ansin glantar an t-olann chun saill/ola darbh ainm úsc olla a ghlanadh de. Is é an t-úsc olla a choinníonn lomra na caorach uiscedhíonach. Cíortar ansin é chun na snáithíní go léir a chur ag dul sa treo céanna. Castar na snáithíní ansin chun tointí fada d'olann a dhéanamh. Ansin is féidir dath ar bith a chur air.

**An raibh a fhios agat?**
Úsáidtear úsc olla in ungadh láimhe. Bíonn craiceann mín ar lámha na lomthóirí!

## Gníomhaíochtaí:


- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 21.
- Déan taighde ar bhéilí le caoireoil nó uaineoil mar phríomhábhar iontu. Déan iarracht na comhábhair a nascadh le bunábhair na feirme.
- Déan taighde ar na pórtha caorach difriúla in Éirinn mar shampla Suffolk, Cheviot nó cnocaire Chiarraí. Faigh grianghraif ón idirlíon agus cuir i gcomparáid lena chéile iad ó thaobh datha, toirte agus mar sin de.
- Déan taighde ar conas a dhéantar olann agus faigh grianghraif den phróiseas ón idirlíon. Déan póstaer a léiríonn an próiseas agus táirgí olann éagsúla.
- Déan iniúchadh ar na féastaí reiligiúnda le béilí bunaithe ar fheoil caorach.
- Cluiche Béarla (EWE/YOU) sa leagan béarla den phacáiste ar www.agriaware.ie.
- Déan plé ar bhunús na bhfocal a dhéanann cur síos ar fheoil- caoireoil, uaineoil, agus muiceoil.
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil -An Feirmeoir Gaelach Lch 2.

## Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta ba chóir go mbeadh eolas ag an bpáiste ar phórtha caorach, ar tháirgí caorach agus ar phróiseas na hathchoganta.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware.



# Muca

**Naisc leis an gcuraclam:**

- **Eolaíocht** Dúile beo
  Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:

Féachaint siar ar ábhar na ranna eile. Eolas a chur ar phórtha agus ar tháirgí muc.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul trí fhoclóir agus coincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

## Foclóir agus Coincheapa na Ranna eile:

**cráin** **collach** **banbh** **ál** **crúibín** **eireaball** **feoil** **liamhás** **slisíní**
**ispíní** **siní** **muiceoil** **bagún**


Tugtar cráin ar an ainmhí baineannach. Tugtar collach ar an ainmhí fireannach. Tugtar banbh ar an ainmhí óg. Itheann muca min déanta as arbhar. Tugtar crúibín ar chos muice. Ní ainmhithe salacha iad muca. Coinníonn siad a leapacha glan agus téann siad go dtí an leithreas i gcúinne dorcha atá i bhfad ón leaba. Faighimid feoil mar mhuiceoil, bhagún, ispíní agus phutóga dubha nó bána ó mhuca. Beirtear thart ar 12 banbh den chráin agus ólann siad bainne ó shiní a máthar.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne a leanas.

## Foclóir don cheacht seo:

**pórtha** **strufail** **táirgí** **inslin**

**An raibh a fhios agat?**
Níl muca in ann cur allais!



## Muca na hÉireann

Ba ainmhithe coille iad muca san am a chuaigh thart. Luaitear i go leor de na seanscéalta iad mar shampla Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne. Cé nach bhfuil muca fiáine in Éirinn a thuilleadh, tá siad fós le feiceáil in áiteanna faoi leith ar fud an domhain. Is maith leo bheith ag tochailt sna coillte ag lorg dearcáin agus síolta.

Tá go leor feirmeacha muc in Éirinn agus meascán de **phórtha** difriúla acu. Is iad an Mórmhuc bhán agus an Mhuc lanrásach na pórtha is coitianta. Tá níos mó ná leath de mhuca na hÉireann sa cheithre chontae seo; Corcaigh, Cabhán, Tiobraid Árainn agus Port Láirge.

## Strufail


Traenáiltear muca chun strufail a aimsiú i gceantair éagsúla den Iodáil agus den Fhrainc. Is fungas luachmhar é an strufal a fhásann faoin talamh. Itheann daoine strufail ach tá siad an-chostasach! An t-aon fhadhb ná go n-itheann na muca féin iad anois is arís!


## Naisc idir muca agus daoine

Tá codarsnacht idir muca agus na h-ainmhithe feirme eile. Ní hamháin ábhar ó phlandaí a itheann muca, itheann siad feoil freisin. Tá daoine mar an gcéanna agus is cosúil córas díleáite na muice agus córas díleáite an duine. [Codarsnacht le hainmhí athchogantacha lch 9].

Ní hamháin táirgí feola a fhaighimid ó mhuca, tá naisc shuimiúla leis an leigheas. Tá inslin muc cosúil le hinslin dhaonna agus is féidir é a úsáid mar chógas do dhaoine le diaibéiteas. Ina theannta sin, tá craiceann muc cosúil le craiceann daoine agus úsáidtear é uaireanta nuair a dhóitear duine go dona.

Uaireanta déanann galar damáiste do chomhlaí croí an duine agus is féidir comhlaí croí muc (a dhéantar go leor oibre orthu roimh ré) a chur isteach ina n-áiteanna. Rinneadh an chéad obráid den saghas seo i 1971 agus d'éirigh leis na mílte obráidí ó shin.




### Gníomhaíochtaí:


- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 22.
- Déan póstaer ranga a léiríonn táirgí muc idir fheoil, leathar, ghuairí agus tháirgí leighis.
- Déan taighde ar bhéilí ina n-úsáidtear muiceoil mar phríomhábhar (más oiriúnach do chultúr na ndaltaí).
- Déan taighde ar cheann de na príomhphórtha muc (Mórmhuc bhán /Muc lanrásach) in Éirinn. Scríobh cuntas air.
- Déan taighde ar na seanscéalta bunaithe ar mhuca. Déan rang drámaíochta orthu.
- Taispeáin ar léarscáil contaetha na hÉireann ina bhfuil go leor feirmeacha muc.
- Tabhair cuairt ar fheirm nó tabhair cuireadh chuig Feirm Agri Aware teacht chuig an scoil. Bain úsáid as ceamara digiteach na scoile chun grianghraif a thógáil. Cuir cuma muc i gcomparáid le hainmhithe eile.
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil -An Feirmeoir Gaelach Lch 2.

## Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta ba chóir go mbeadh eolas ag an bpáiste ar phórtha muc agus ar tháirgí muc idir tháirgí feola agus tháirgí leighis.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware.



# Éanlaith Chlóis

**Naisc leis an gcuraclam:**

| | |
|---|---|
| • **Eolaíocht** | Dúile beo<br>Feasacht agus cúram imshaoil |
| • **Tíreolaíocht** | Imshaoil dhaonna |
| • **OSPS** | Mise agus an domhan mór |

## Cuspóirí an cheachta:

Eolas a chur ar bhreith éan agus ar fheirmeoireacht sicíní.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul trí fhoclóir agus coincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

## Foclóir agus Coincheapa Ranna na Ranna eile:


**éanlaith chlóis  sicín  turcaí  lacha  gé  feoil  uibheacha  ealta  cleití  éití  gob  crúibín  cosa scamallacha**


Tugtar éanlaith chlóis ar éin a fhaighimid feoil nó uibheacha uathu - sicíní, turcaithe, lachan agus géanna. Faighimid cleití ó lachan, ghéanna agus thurcaithe freisin. Bíonn crúibíní ag sicíní agus turcaithe chun bheith ag tochailt. Bíonn cosa scamallacha ag lachan agus géanna chun bheith ag snámh. Níl fiacla ag éin. Slogann sicíní bia gan é a chogaint. Téann an bia isteach sa phrócar ar dtús. Ansin téann sé isteach san eagaois ina meiltear é le púróga beaga a phioc an sicín suas agus é ag ithe.

**Pléitear éanlaith chlóis na hÉireann (sicíní, turcaithe, lachan agus géanna), a dtréithe agus a dtáirgí sna ranna eile. Beidh an bhéim ar fheirmeoireacht sicíní agus ar bhreith sicíní sa roinn seo.**

## Foclóir don cheacht seo:

**aigeanta  beireann  toirchithe  ál  gor  ag goradh**



## Feirmeoireacht sicíní

Díoltar uibheacha **aigeanta** i siopaí agus ollmhargaí ar fud na tíre. Cuirtear an lipéad *aigeanta* orthu nuair ó chearca ar fheirmeacha aigeanta a thagann siad. Is féidir feoil na circe aigeanta a cheannach freisin. Ar fheirmeacha aigeanta ligtear d'ainmhithe am a chaitheamh amuigh faoin aer. Tá cead ag sicíní aigeanta siúl agus scríobadh lasmuigh sa chré.

Coinnítear sicíní nach bhfuil aigeanta istigh mar beirtear níos mó uibheacha díobh ansin. Is iad na feirmeacha seo na cinn is coitianta in Éirinn mar gheall ar an éileamh mór ar fheoil agus uibheacha. Bíonn na feirmeacha aigeanta níos lú agus mar gheall ar sin de ghnáth bíonn feoil agus uibheacha aigeanta níos costasaí. Bíonn ardchaighdeán sláinteachais agus cúram imshaoil ag an dá shaghas feirmeacha.

## Uibheacha

Is iad uibheacha sicíní na huibheacha a ithimid den chuid is mó den am. Beireann cearca faoi leith ar ubh amháin in aghaidh an lae. Níl na huibheacha a cheannaímid sna siopaí toirchithe agus mar sin níl aon seans go bhfásfaidh siad ina scalltáin.



## Cearca agus Scalltáin

Nuair a chúplálann cearc agus coileach, forbraíonn ubh toirchithe. Beireann an chearc ar ubh amháin in aghaidh an lae go dtí go bhfuil **ál** de thart ar 12 ubh aice. Ansin suíonn sí orthu chun iad a choinneáil te. Deirtear go bhfuil **gor** á dhéanamh aici ar an ál.

Forbraíonn an ubh thoirchithe ina scalltán. Má éiríonn an ubh fuar ag am seo, gheobhaidh an scalltán bás. Tar éis thart ar 21 lá tosaíonn na huibheacha **ag goradh**. Bíonn rud beag crua ar a dtugtar fiacail uibhe ar ghob an scalltáin agus úsáideann sé é chun an bhlaosc a bhriseadh. Titeann an fhiacail seo amach go luath ina dhiaidh sin.

Tá próiseas na breithe an-chosúil leis seo maidir leis na héanlaith chlóis eile. Ní mamaigh iad éin agus mar sin ní fhaigheann na héin óga bainne óna máithreacha. Cúpla uair tar éis teacht as an mblaosc, foghlaimíonn siad óna máthair conas is féidir gráinní a ghobadh. [Codarsnacht le mamaigh na feirme – Caoirigh, Ba agus Muca].

### Gníomhaíochtaí:

- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 23.
- Déan plé ar ainmneacha na héanlaithe clóis go léir idir bhaininscneach, fhirinscneach agus óg -lacha, bardal, éinín lachan; gé, gandal, góislín. Is féidir ainmhithe feirme eile a lua freisin.
- Cuir mamaigh agus éin i gcomparáid lena chéile maidir le tréithe fisiciúla, breith agus beathú na n-óg agus mar sin de.
- Déan plé ar an gcaoi a oireann tréithe na héanlaithe clóis leis an imshaol mar shampla crúibíní agus cosa scamallacha. Cuir i gcomparáid le hainmhithe feirme eile iad.
- Déan liosta de sé bhealach dhifriúla gur féidir uibheacha a ullmhú. Más féidir bí ag bácáil nó ag cócaireacht sa scoil.
- Déan suirbhé sa bhaile ar earraí a bhaineann le héanlaith chlóis (piliúr, cácaí srl).
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil -An Feirmeoir Gaelach Lch 2.
- Tá treoracha ar conas is féidir na turgnaimh seo a dhéanamh ar www.agriaware.ie:
  - Cén fáth nach mbriseann an chearc na huibheacha agus í ina suí orthu?
  - An féidir ubh a phreabadh?

## Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta ba chóir go mbeadh eolas ag an bpáiste ar chineálacha feirme sicíní agus ar uibheacha agus breith scalltán.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware



# Arbhar agus Féar

**Naisc leis an gcuraclam:**
- **Eolaíocht** Dúile beo; Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:
Eolas a chur ar phróiseas fáis arbhair agus ar thábhacht féir agus arbhar i slabhraí bia.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí
Moltar dul trí fhoclóir agus coincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

## Foclóir agus Coincheapa na Ranna eile:

**féar** **féar tirim** **sadhlas** **arbhar** **gráinní** **cruithneacht** **coirce**
**eorna** **rís** **arbhar Indiach**

Is saghas féir é arbhar le gráinní a úsáidtear mar bhia d'ainmhithe agus do dhaoine. Is iad cruithneacht, coirce agus eorna na príomharbhair a fhásann in Éirinn. Is as cruithneacht a dhéantar arán, plúr agus pasta, as coirce a dhéantar leite agus is as eorna a dhéantar leann. Ithimid rís agus arbhar Indiach anseo freisin. Bíonn dias, gas agus duilleoga ag gach planda arbhair. Déantar féar tirim nó sadhlas (féar picilte) as féar le linn an tsamhraidh agus tugtar mar bhia do na hainmhithe iad sa gheimhreadh. Cuirtear plaisteach thart ar fhéar agus ní ligtear aon aer isteach chun sadhlas a dhéanamh. Déantar i bpoill sadhlais nó i gcornaí é.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne seo a leanas.

## Foclóir don cheacht seo:
**curaíocht** **treabhadh** **ag cur** **ag baint an fhómhair** **comhbhuainteoir**

## An raibh a fhios agat?
Cuireadh an cheist seo a leanas ar *Who wants to be a millionaire?*: Cad é an planda is coitianta ar domhan? Ba é féar an freagra ceart agus luach €250,000 air!

## Curaíocht
Tugtar **curaíocht** ar ullmhú an talún roimh síolta a chur. Is éard atá i gceist ná an talamh a threabhadh, síolta a chur agus barr mar arbhar a chur ag fás.





## An Timthriall Fáis
1. **Ag Treabhadh:** Caithfear an talamh a threabhadh chun an chré a bhriseadh suas. San am a chuaigh thart rinneadh le capaill é ach is le tarracóirí a dhéantar inniu é.
2. **Ag Cur Síolta:** Ansin cuirtear na síolta. Uaireanta caithfear leasachán a chur ar an mbarr agus é ag fás chun a chinntiú go bhfuil na cothaithigh chearta aige.
3. **Ag Fás:** De ghnáth spréitear an barr chun fiailí a mharú agus galar a sheachaint.
4. **Ag Baint an fhómhair:** Nuair atá an barr réidh agus na síolta aibí, baintear nó bailítear é. Úsáidtear cuid den fhómhair le haghaidh an chéad bharr eile a chur.



## Ag Baint agus ag Próiseáil an Fhómhair

Is meaisín é **an comhbhuainteoir** a ghearrann an barr, a roinneann na gráinní ó na gais agus a ghlanann iad. Is iad na gráinní a úsáidtear mar bhia; cuid mar bhia d'ainmhithe agus an chuid eile chun bia a dhéanamh dúinne. Uaireanta úsáidtear na gais i leapacha na n-ainmhithe feirme agus san am a chuaigh thart úsáideadh mar dhíonta tithe iad (tuí).





## Arbhar agus Féar i Slabhraí Bia

Tá tábhacht faoi leith ag arbhar agus féar i slabhraí bia mar ní bheadh aon bhia ann do na hainmhithe a fhaighimid bainne, feoil agus uibheacha uathu gan arbhar agus féar. Léiríonn an slabhra bia thuas an chaoi a úsáideann arbhar fuinneamh na gréine le haghaidh fáis. Faigheann an chearc an fuinneamh sin ó na gráinní agus faigheann an páiste é nuair a itheann sé ubh nó feoil na circe. Tá ról féir sa slabhra bia cosúil le seo [Ba, lch 7].

### Gníomhaíochtaí:


- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 24.
- Déan scrúdú ar phacáistí d'arbhar bricfeasta agus déan plé ar an arbhar as a dhéantar iad. Mar shampla Weetabix-cruithneacht; Rice Krispies – rís.
- Déan póstaeir a léiríonn na céimeanna i dtimthriall fáis bairr. Ba chóir lipéid leis na focail treabhadh, ag cur, leasachán, ag baint a chur air.
- Déan taispeántas de tháirgí arbhar agus iad rangaithe ó thaobh an arbhair atá iontu.
- Déan taighde ar conas a dhéantar arán. Déan liosta de dheichniúr a bhfuil baint acu le harán a thabhairt chun boird. Smaoinigh ar fhás, bhaint, iompar, phróiseáil, phacáistí.
- Déan léaráide de shlabhraí bia ina bhfuil féar nó arbhar. Cén cineál domhain a bheadh againn gan féar nó arbhar?
- Más féidir cuir arbhar mar chruithneacht, choirce nó eorna sa scoil. Is féidir iad a bhaint san fhómhar le bró shimplí; leac agus cloch chruinn.
- Más féidir déan cácaí beaga as Rice Krispies agus seacláid.
- Mar obair OSPS agus staire, is féidir taighde a dhéanamh ar an meitheal, nuair a thagadh na comharsana le chéile chun an fómhar a bhaint roimh theacht na n-innealraí feirme nua-aimseartha.
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil -An Feirmeoir Gaelach Lch 2.
- Níos mó eolais ar rís, arbhar Indiach agus arbhair eile ar www.agriaware.ie.

## Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta ba chóir go mbeadh eolas ag an bpáiste ar an timthriall fáis agus ar thábhacht arbhair agus féir i slabhraí bia.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware.



# Torthaí agus Glasraí

**Naisc leis an gcuraclam:**

- **Eolaíocht** Dúile beo; Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** Imshaoil dhaonna
- **OSPS** Mise agus an domhan mór

## Cuspóirí an cheachta:

Eolas a chur ar choincheap na gairneoireachta agus ar an gcaoi a fhásann prátaí agus beacáin.

## Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul trí fhoclóir agus coincheapa na ranna eile roimh thosú ar an gceacht.

## Foclóir agus Coincheapa na Ranna eile:

**folláin** **torthaí** **glasraí** **aeráid** **tithe gloine** **torthaí citris**

Ba chóir dúinn cúig phíosa de thorthaí agus glasraí ar a laghad a ithe gach lá. Fásann torthaí ar chrainn agus ar thoir agus bíonn siad níos milse ná glasraí. Is iad úlla, sútha talún agus caora príomhthorthaí na hÉireann. Rangaítear glasraí maidir leis an gcuid den phlanda a ithimid – is glasra fréamhach é an cairéad. Is iad prátaí agus beacáin na glasraí is coitianta a fhásann in Éirinn ach fásann réimse leathan de ghlasraí eile freisin. Téann aeráid na tíre i bhfeidhm ar na cineálacha torthaí agus glasraí gur féidir a chur ag fás. Ní fhásann torthaí citris mar oráistí nó torthaí andúchasacha mar bhananaí in Éirinn mar teastaíonn teas na gréine uathu.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne a leanas.

## Foclóir don cheacht seo:

**gairneoireacht** **barra** **easpórtáiltear** **galar** **treabhadh** **leasachán** **dúchan** **an Gorta Mór**

## An raibh a fhios agat?

Sna meánaoiseanna ceapadh gur scáthanna fearthainne do leipreacháin ab iad beacáin!




## Gairneoireacht

Is éard is gairneoireacht ann ná **barra** mar thorthaí, ghlasraí, bhláthanna, chrainn agus thoir a chur ag fás.


## Beacáin

Is cineál fungais iad beacáin. Níl solas ag teastáil uathu le haghaidh fáis –a mhalairt atá fíor maidir le glasraí eile. Is iad ceann de na barra is coitianta in Éirinn mar **easpórtáiltear** go leor acu go dtí tíortha eile gach bliain.



In Éirinn, cuireann feirmeoirí na beacáin ag fás i dtolláin dhorcha. Caithfear an teas a rialú chun **galar** a sheachaint. Mar gheall ar na tolláin is féidir beacáin a chur ag fás áit ar bith sa tír ag am ar bith den bhliain. Is minic a bhíonn na beacáin fhiáine a fhásann sna páirceanna nimhiúil agus caithfear comhairle a lorg sula n-ithimid iad.

## Prátaí ag Fás



Is glasraí fréamhacha iad prátaí agus mar sin is faoin talamh a fhásann siad. Déantar an **treabhadh** san fhómhar chun an talamh a bhriseadh suas. **Leasaítear** an talamh le ceimicigh nó aoileach (bualtrach ainmhithe) chun cothaithigh a chur air freisin.

In aimsir mhaith an earraigh, treabhann an feirmeoir an talamh chun claise (cainéil nó trinsí) a dhéanamh. Cuireann sé/sí na síolta prátaí agus clúdaítear arís iad leis an gcré.

Mura bhfuil na fréamhacha sa dorchadas ní fhásfaidh aon phrátaí. Fad is a bhíonn na prátaí ag fás faoin talamh, bíonn planda glas ag fás os cionn an talún. Tar éis an planda a bheith faoi bhláth, tosaíonn sé ag seargadh. Seo comhartha go bhfuil na prátaí réidh.

## An Gorta Mór

Ba bharr tábhachtach i gcónaí iad prátaí sa tír seo. Bhí daonra na hÉireann ag brath go huile is go hiomlán ar phrátaí thart ar 1840 ach tháinig **dúchan** orthu agus theip ar an mbarr. Fuair breis is milliún daoine bás agus bhí ar dhá mhilliún eile dul ar imirce i 1847. Tugtar an Gorta Mór ar an tréimhse seo.

### Gníomhaíochtaí:


- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 25.
- Iarr ar pháistí dul chuig an ollmhargadh áitiúil agus liosta a dhéanamh de na cineálacha prátaí atá ar díol (Kerr Pinks, Record, Rooster) agus den mhéid earraí déanta as prátaí.
- Déan plé ar bhia folláin, go háirithe gur chóir dúinn cúig phíosa de thorthaí agus glasraí a ithe gach lá chun bheith folláin. Conas is féidir linn iad a ithe?
- Níos mó eolais agus turgnamh ar phéacadh prátaí ar www.agriaware.ie.
- Déan taighde ar bhéilí traidisiúnta na hÉireann le prátaí nó torthaí mar phríomhábhar iontu mar shampla cál ceannann nó bairín breac.
- Déan tionscnamh ranga ar an nGorta Mór nó ar ghorta eile atá ar siúl sa domhan faoi láthair. Eolas agus acmhainní ar www.trocaire.ie.
- Féach ar www.primaryscience.ie chun fáil amach conas is féidir trátaí a chur ag fás. (Bileoga oibre ar fáil trí mheán na Gaeilge).
- Cuir agallamh ar fheirmeoir torthaí nó glasraí. Cuir ceisteanna maidir le tascanna na séasúr difriúil. Déan líne ama nó féilire a léiríonn an timthriall fáis.
- Déan plé ar na caidrimh idir daoine, ainmhithe agus plandaí agus ar an gcaoi a bhfuilimid ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil -An Feirmeoir Gaelach Lch 2.

## Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta ba chóir go mbeadh eolas ag an bpáiste ar ghairneoireacht agus ar fhás prátaí agus beacán ach go háirithe.

## Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/fístéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware




## An Feirmeoir Gaelach

Ainm: ______________________

Dáta: _______________

**1** **Úsáid na leideanna thíos chun an crosfhocal a chríochnú:**





**Trasna:**


1. Caitheann an feirmeoir aire a thabhairt don___________(12)
4. Is ______ í an fheirmeoireacht cosúil le siopaí, comhlachtaí (3)
5. Tá ceithre cinn ann. Bíonn tascanna difriúla le déanamh i ngach ceann acu.(6)
8. Caitheann feirmeoirí na rudaí seo chun a gcosa a choinneáil tirim (8, 6)

**Anuas:**

2. Áit ina bhfuil an bia ón bhfeirm athraithe agus ullmhaithe le díol sna siopaí (8)
3. Ní bheadh ___________againn gan an fheirmeoireacht.(3)
6. Fear nó bean a oibríonn ar fheirm (9)
7. Úsáideann an feirmeoir an rud seo chun gluaiseacht timpeall na feirme (9)






**2** **Bain úsáid as na focail seo a leanas chun na bearnaí a líonadh:** muca, Talmhaíochta, ainmhithe, bhogadh

Caitheann a feirmeoir liosta a choinneáil de na h_________________ go léir atá ar an bhfeirm. Bíonn ar na ba, na caoirigh agus na _________________clib a chaitheamh.

Tá an chlib seo mar phas agus ní féidir ainmhí a dhíol nó a _________________ ó áit go háit gan é. Tá an riail seo ag an Roinn _________________agus Bia chun ár mbia a choinneáil sláintiúil.



*Is féidir an bhileog seo a úsáid le Treoirlínte an Mhúinteora leathanach 2



# Bia Folláin

Ainm: ____________________

Dáta: ____________________


**An raibh a fhios agat?**
Is ón bhfeirm a thagann formhór ár mbia!

## 1 An Phirimid Bia

1. Is féidir linn vitimíní is mianraí a fháil ó thorthaí is glasraí. Cé mhéad píosaí ar chóir dúinn a ithe gach lá?

____________________________

2. Fíor nó bréagach– Ba chóir dúinn bia ó sheilf uachtarach na pirimide a ithe go minic.




**An méid bá choir dúinn a ithe:**

**An tseilf uachtarach** (?)

**Próitéin** (+2)

**Táirgí déiríochta (bainne)** (+3)

**Torthaí agus Glasraí** (?)

**Carbaihiodráit** (+6)

____________________________________________

3. Is bia folláin iad na táirgí déiríochta dár bhfiacla agus dár gcnámha, ach go háirithe. Cad é an mianra atá iontu?

____________________________________________

4. Cuidíonn próitéin le fás. Ainmnigh trí bhia le próitéin iontu.

____________________________________________

5. Is ______________________ iad arán, rís agus arbhair bhricfeasta. Faigimid fuinneamh agus snáithín cothaitheach ón mbia seo.

6.Cén tábhacht a bhaineann leis an aiste bia i saol an duine?

____________________________________________




## Ba

Ainm: ______________________

Dáta: _______________

**1** **Is cuid den slabhra bia iad na pictiúir seo ach tá siad san ord mícheart. Cuir san ord ceart ar na línte thíos iad.**

Bó An Ghrian Bainne Féar Páiste




__________ __________ __________ __________ __________

**2** **Bain úsáid as na focail thuas chun na bearnaí a líonadh san alt ar an tsraith bia.**

Tugann an ___________fuinneamh don ____________.


Fásann an ___________agus itheann an ____________é.

Ansin bíonn fuinneamh ag an m______________ chun

__________ a dhéanamh. Ólann an __________ an __________agus bíonn fuinneamh aige chun bheith ag súgradh agus chun obair a dhéanamh!

**An raibh a fhios agat?**
Is féidir le bó dul suas staighre ach ní féidir léi teacht anuas mar níl a glúine in ann feacadh sa treo sin!

**3** **Úsáid na leideanna thíos chun an crosfhocal a chríochnú.**




**Anuas:**


1. Tá bolg speisalta ag ba. Cé mhéad pócaí atá iontu? (7)
2. An fheoil a fhaighimid ó bha (9)
3. De ghnáth bíonn ba ag iompar ar feadh ___________ mí. (5)
4. Is féidir le ba an rud seo a ithe agus ní féidir linn! (4)

**Trasna:**

5. Na focail a chuirtear ar rudaí atá déanta as bainne. (6, 10)



*Is féidir an bhileog seo a úsáid le Treoirlínte an Mhúinteora leathanach 6



# Caoirigh

Ainm: ______________________

Dáta: ______________

**An raibh a fhios agat?**
Itear béile atá déanta as bolg caorach san Alban! Haggis a chuirtear air!


**1** **Bain úsáid as na focail seo a leanas chun an crosfhocal a chríochnú:**
Bainne, Leathar, Stobhach Gaelach, Ceathar, Caoireoil, Lomra, Lomthóir, Earrach


**Trasna:**


3. An duine a ghearann lomra na caorach (8)
4. An séasúr inar rugtar na huain (7)
5. Méid pócaí i mbolg na caorach (7)
6. Táirge caorach gur féidir cáis a dhéanamh leis (6)
7. Táirge caorach gur féidir cótaí agus lámhainní a dhéanamh as (7)


**Anuas:**

1. Cuirtear an t-ainm seo ar fheoil na caorach. (9)
2. Béile traidisiúnta na hÉireann le huaineoil ann (8,7)
3. An focal a chuirtear ar ghruaig na caorach (5)











**2** **Tarraing pictiúir de chúig tháirge caorach.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |



## Muca

Ainm: ______________________

Dáta: _______________

**1** **Bain úsáid as na focail seo a leanas chun an crosfhocal a chríochnú:**
ispíní, smut, crúibíní, banbh, cráin, muiceoil, cur allais.

**Trasna:**


1. Srón na muice (4)
5. Rud nach féidir le muca a dhéanamh (3,6)
6. Táirge muice a ithimid don bhricfeasta (6)

**Anuas:**

2. Feoil na muice (8)
3. Cosa na muice (8)
4. Leanbh na muice (5)
5. Muc bhaininscneach (5)




**An raibh a fhios agat?**
Ní féidir le muca cur allais!



**2** **Léigh an abairt agus scríobh fíor nó bréagach!**

Is féidir inslin a fháil ó mhuca chun cabhrú le daoine le diaibéiteas.


______________________

Is feidir craiceann muice a úsáid chun cabhrú le daoine le craiceann dóite.______________________

Is féidir croí muice a úsáid chun cabhrú le daoine le fadhbanna croí acu.__________________________



*Is féidir an bhileog seo a úsáid le Treoirlínte an Mhúinteora leathanach 10




## Éanlaith Chlóis


Ainm: ______________________

Dáta: _______________

## 1 Líon na bearnaí.




cearc



sicín beag

Beireann an _________ ar ubh amháin in aghaidh an lae go dtí go bhfuil _______ aici. Bíonn timpeall 12 uibheacha san ál. Déanann an chearc _____________ar an ál. Caitheann sí na huibheacha a choinneáil ________. Tar éis 21 lá, tosaíonn na huibheacha ag ___________. Tar éis uaire nó dhó, téann na sicíní beaga amach ag foghlaim conas is féidir gráinní a ithe.




ál



Déanann an chearc gor ar an ál

**An raibh a fhios agat?**
De ghnáth, bíonn éin fhirinscneacha níos mó ná na héin bhainiscneacha. Bíonn cléite ildaite acu fresin!



Tosaíonn na huibheacha ag goradh


## 2 Úsáid na leideanna thíos chun an crosfhocal a chríochnú:

**Trasna:**

3. Táirge éin a ithimd don dinnéar.(5)
4. Bíonn an cineál seo cos ag turcaithe agus sicíní. (6)
7. Bíonn an cineál seo cos ag lachain agus géanna (11)
8. Itheann a lán daoine an fheoil seo um Nollaig. (6)

**Anuas:**

1. Táirgí éin a ithimid don bhricfeasta. (9)
2. Rud atá ag gach cinneál éin. (6)
4. Sicín baininscneach (5)
5. Bailliúchán uibheacha (2)
6. Éan clóis atá in ann snámh. (5)






# Arbhar agus Féar

Ainm: ______________________


Dáta: _______________

## 1 Bain úsáid as na focail seo a leanas chun na bearnaí a líonadh:

inneall bainte, monarcha, síolta, ullmhú, bia, leasachán, Gearann



Caitheann an feirmeoir an talamh a treabadh chun an cré a _________. Ansin cuirtear na ___________. Uaireanta cuirtear ______________ ar an talamh chun a chinntiú go mbeidh na síolta in ann fás. ______________ an t-inneall bainte na plandaí. Fresin baineann an t-_______ _______ na gráinní de na plandaí. Is féidir na gráinní a úsáid mar _____ d'ainmhithe nó a chur chuig __________ le hullmhú mar bia do dhaoine.




## 2 Bain úsáid as na focail seo a leanas chun an crosfhocal a chríochnú:


### Trasna:

3. Arbhar nach bhfuil ag fás in Éirinn (3)
5. Itheann na créatúir seo arbhar fresin (9)


### Anuas:

1. Itheann a lán daoine arbhar don bhéile seo (10)
2. An cinéal arbhair a úsáidtear chun arán, pasta agus plúr a dhéanamh (12)
4. An cinéal arbhair a úsáidtear chun leite a dhéanamh (6)




Cruithneacht



Eorna



Coirce



*Is féidir an bhileog seo a úsáid le Treoirlínte an Mhúinteora leathanach 14